2026/1536

14.10.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1536 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Iúil 2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le haraíonacht socraíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(5) agus Airteagal 7(10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2025/2075 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 trí idirbhearta 'ceannach agus aisdíol' agus idirbhearta 'díol agus aischeannach' a bhaint de raon feidhme na forála sin. Is gá, dá bhrí sin, liosta na gcineálacha idirbhirt, a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún ([3]), atá le cur isteach mar chuid de leithdháiltí i scríbhinn, a thabhairt cothrom le dáta.

(2) Leis an taithí a fuarthas ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229, cuireadh i dtábhacht a thábhachtaí atá sé na réimsí sonraí is gá le haghaidh leithdháiltí agus deimhnithe a ailíniú, a mhéid is féidir, leis na réimsí sonraí is gá le haghaidh treoracha socraíochta. Is léir ón taithí sin freisin, gur cheart an áit socraíochta a chur in iúl a luaithe is féidir sa phróiseas socraíochta chun coigeartuithe ag céim dhéanach a sheachaint, ar coigeartuithe iad atá an-chriticiúil i gcomhthéacs timthriall socraíochta giorraithe.

(3) Chun a áirithiú gur féidir idirbhearta a shocrú gan mhoill, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a cheangal ar a gcliaint ghairmiúla sonraí statacha nó tagartha atá cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis faoi na cuntais a bhfuil ionstraimí airgeadais agus airgead tirim le cur chun sochair dóibh, faoin margadh ábhartha nó faoin áit socraíochta ábhartha, agus faoi na coimeádaithe nó na hidirghabhálaithe trína bhfuil cumarsáid le ródú luath go leor roimh an dáta socraíochta atá beartaithe. Ar an gcúis chéanna, ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin freisin maidir le faisnéis socraíochta arna seoladh ag cliaint mhiondíola.

(4) Chun ardéifeachtúlacht socraíochta a choinneáil ar bun de réir mar a thagann méadú ar mhéideanna na n-idirbheart, agus chun socrú tráthúil trádálacha a áirithiú, ba cheart úsáid fhorleathan na lánphróiseála uathoibrithe ar fud an mhargaidh a áirithiú. Chuige sin, ba cheart an t-uathoibriú inmheánach is gá a bheith i bhfeidhm ag rannpháirtithe díreacha agus indíreacha sa mhargadh araon chun tairbhiú go hiomlán de na réitigh lánphróiseála uathoibrithe atá ar fáil. Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglas a chur ar ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go dtarchuirfear cumarsáid den sórt sin i bhformáid leictreonach agus mheaisín-inléite agus an ceanglas sin a chur in ionad na féidearthachta atá ann faoi láthair do chliaint ghairmiúla leithdháiltí agus deimhnithe i scríbhinn a sheoladh go leictreonach.

(5) Thairis sin, ní féidir leas iomlán a bhaint as tairbhí na lánphróiseála uathoibrithe i gcás ina leanann rannpháirtithe sa mhargadh de chaighdeáin teachtaireachtaí dílseánaigh nó intíre a úsáid, fad agus a oibríonn taisclanna lárnacha urrús (TLUnna) ar bhonn nósanna imeachta agus caighdeáin cumarsáide oscailte idirnáisiúnta. Chun idir-inoibritheacht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn, ba cheart úsáid nósanna imeachta agus caighdeán cumarsáide oscailte idirnáisiúnta le haghaidh sonraí teachtaireachtaí agus tagartha a leathnú chun tarchur leithdháiltí agus deimhnithe a chumhdach.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/909/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2025/2075 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le timthriall socraíochta níos giorra san Aontas (IO L, 2025/2075, 14.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2075/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla ar araonaíocht socraíochta (IO L 230, 13.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/1229/oj).

(6) Níor cheart aistriú socraíochta ar mhórscála ó ionaid trádála go margaí thar an gcuntar a bheith mar thoradh ar an aistriú chuig socraíocht níos giorra. Sin an fáth ar cheart do TLUnna agus dá rannpháirtithe réimse a úsáid ina léirítear an áit trádála ina dtreoracha socraíochta chun tacú le faireachán agus tuairisciú ar theipeanna socraíochta.

(7) Le Rialachán (AE) 2025/2075 leasaíodh Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 tríd an tréimhse shocraíochta a laghdú ó 2 lá gnó tar éis na trádála go dtí lá gnó amháin. Leis an leasú sin, is gá coigeartuithe a dhéanamh le linn an phróisis iarthrádála, agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht atá ann faoi láthair faoi Airteagal 2(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún maidir le cliaint ghairmiúla leithdháileadh i scríbhinn agus deimhnithe i scríbhinn a sholáthar do ghnólachtaí infheistíochta faoi 12.00 CET ar an lá gnó tar éis an lae a rinneadh an t-idirbheart. Tá sé fíor-riachtanach treoracha socraíochta a chur isteach go tráthúil chun é a chur ar a gcumas do TLUnna an éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú agus glanluacháil a uasmhéadú i bhfianaise an aistrithe chuig timthriall socraíochta T+1. Sa chomhthéacs sin, oibríonn roinnt TLUnna céimeanna socraíochta ar lena linn a úsáidtear algartaim optamaithe chun an oiread idirbheart agus is féidir a shocrú. Rannpháirtithe atá toilteanach tairbhiú de bharrfheabhsú den sórt sin ba cheart do TLUnna iad a spreagadh chun a dtreoracha socraíochta a chur isteach roimh 23:59 CET ar an dáta trádála. Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh tíolacadh treoracha socraíochta tar éis an ama sin cosc ar TLUnna na treoracha socraíochta sin a phróiseáil, ná níor cheart cur i bhfeidhm pionós airgid a bheith mar thoradh air, ar pionós iad nach bhfuil feidhm acu ach amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 909/2014.

(8) Chun tacú a thuilleadh leis an éifeachtúlacht socraíochta agus chun bheith comhoiriúnach leis an luasghéarú agus leis an uathoibriú is gá le haghaidh timthriall socraíochta giorraithe, ba cheart do gach TLU feidhmiúlacht a chur ar fáil lena gcumasaítear socraíocht pháirteach uathoibríoch. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil gá leis an bhfeidhmiúlacht sin i ngach cás, ba cheart an deis a bheith ag rannpháirtithe sna hidirbhearta gan an fheidhmiúlacht sin a úsáid.

(9) Baineann tairbhí sainiúla le modhanna éagsúla socraíochta. Le hollsocraíocht fíor-ama íoslaghdaítear an riosca contrapháirtí agus an neamhchosaint chreidmheasa agus is féidir leachtacht a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí, agus ceadaítear éifeachtúlachtaí oibriúcháin le baisceanna socraíochta trí ghlanluacháil. Dá bhrí sin, ba cheart do TLUnna ceann amháin de na trí fhéidearthacht seo a leanas a thairiscint: ollsocraíocht fíor-ama, trí bhaisc shocraíochta ar a laghad in aghaidh an lae gnó, nó meascán den dá rud.

(10) Ba cheart feidhmiúlachtaí córais, beartais agus nósanna imeachta fónta agus éifeachtúla a bheith ag TLUnna a chuirfidh ar a gcumas dóibh socraíocht a éascú agus a dhreasú ar an dáta socraíochta atá beartaithe. Maidir leis an rannchuidiú éifeachtach i dtaca le héifeachtúlacht socraíochta trí shocraíocht uathpháirteach agus trí na feidhmiúlachtaí sealbhaithe agus scaoilte, is rannchuidiú é atá tagtha chun solais ó cuireadh an córas araíonachta socraíochta i bhfeidhm. Is iomchuí, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an maolú ar bhearta áirithe chun teipeanna socraíochta a chosc, a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229.

(11) Le soláthar creidmheasa airgid ionlae arna urrú le comhthaobhacht in airgead bainc ceannais nó in airgead bainc tráchtála soláthraítear leachtacht nach beag le haghaidh socraíochta. D'fhéadfadh na tairbhí sin a bheith ríthábhachtach le linn chur chun feidhme tosaigh socraíochta is giorra. Sin an fáth ar cheart do TLUnna éascaíocht a dhéanamh don rochtain atá ag a rannpháirtithe ar sholáthar creidmheasa airgid ionlae arna urrú le comhthaobhacht trí fheidhmiúlacht uathoibrithe chomhthaobhachta. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir le TLUnna, a bhfuil ceadúnas baincéireachta acu, lena soláthraítear creidmheas airgid ionlae arna urrú le comhthaobhacht dá rannpháirtithe go díreach, seachas díreach rochtain ar fheidhmiúlacht den sórt sin a éascú.

(12) Chun a chur ar a gcumas do TLUnna bunchúiseanna na dteipeanna socraíochta a shainaithint, ba cheart do TLUnna a cheangal ar rannpháirtithe iad a chur ar an eolas faoi na príomhchúiseanna le teipeanna socraíochta den sórt sin agus faoi na bearta a dhéantar chun teipeanna socraíochta den sórt sin a chosc. Ina theannta sin, i bhfianaise na n-athruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2025/2075 lena gcuirtear de chúram ar an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ÚEUM') dlúthfhaireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht socraíochta idirbheart maoinithe urrús a thrádáiltear ar ionaid trádála nó lasmuigh díobh, is gá idirbhearta 'ceannach agus aisdíol' agus idirbhearta 'díol agus aischeannach' a chur le liosta na n-idirbheart a bheidh mar chuid den fhaireachán ar theipeanna socraíochta.

(13) Chun socruithe oibre a bhunú le rannpháirtithe chun teipeanna socraíochta a laghdú, ba cheart TLUnna a bheith in ann rannpháirtithe a shainaithint a bhféadfadh tionchar mór a bheith ag a dteipeanna socraíochta. Chun na rannpháirtithe sin a shainaithint, ba cheart do TLU an sciar de theipeanna socraíochta rannpháirtí a chur san áireamh i méid iomlán agus luach iomlán na dtreoracha socraíochta arna bpróiseáil ar leibhéal an chórais socraíochta urrús a oibríonn an TLU. Mura ndéantar sin, d'fhéadfadh rannpháirtithe beaga nach bhfuil mórán idirbheart acu a bheith ar liosta na rannpháirtithe is mó a bhfuil ag teip orthu má mheastar a ráta teipe socraíochta i ndearbhthéarmaí.

(14) Is iarracht chomhpháirteach é faireachán a dhéanamh ar theipeanna socraíochta agus aghaidh a thabhairt orthu, arb iarracht í ina mbeidh na húdaráis inniúla agus ábhartha, TLUnna agus a rannpháirtithe rannpháirteach. Dá bhrí sin, ba cheart do TLUnna an t-údarás inniúil agus na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas go tráthrialta faoi éabhlóid na dteipeanna socraíochta sa chóras socraíochta a oibríonn siad agus faoi na bearta atá déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar na teipeanna socraíochta sin. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do TLUnna a áirithiú go ndéanfaidh a rannpháirtithe iarrachtaí pleanáilte chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht socraíochta.

(15) Chun go bhféadfar faireachán níos mionsonraithe a dhéanamh ar an éifeachtúlacht socraíochta, ba cheart do TLUnna na rannpháirtithe is mó a bhfuil ag teip orthu a thuairisciú i dtéarmaí mhéid agus luach na dtreoracha socraíochta a phróiseálfar. Ar an gcúis chéanna, ba cheart do TLUnna sonraí maidir le teipeanna socraíochta a thuairisciú trí chatagóirí idirbheart níos gráinní a chur san áireamh, gan beann ar cé acu a fhorghníomhaítear na hidirbhearta ar ionaid trádála nó lasmuigh díobh agus gan beann ar fhad na dteipeanna socraíochta de réir chineál na n-ionstraimí airgeadais.

(16) I bhfianaise phrionsabal an tsimplithe agus an laghdaithe ualaigh, tá sé tábhachtach aon dúbláil a d'fhéadfadh a bheith sna ceanglais tuairiscithe a sheachaint. Ar an gcúis sin, agus ós rud é go gcumhdaítear an fhaisnéis cheana féin sna tuarascálacha míosúla nach mór do TLUnna a chur isteach, ba cheart deireadh a chur leis an gceanglas atá ar TLUnna tuarascálacha bliantúla maidir le teipeanna socraíochta a chur isteach. I gcás inar gá, ba cheart an t-údarás inniúil a bheith in ann tuairisciú níos minice agus faisnéis bhreise maidir le teipeanna socraíochta a iarraidh ar an TLU.

(17) Chun leibhéal is airde trédhearcachta a áirithiú, ba cheart do TLUnna sonraí maidir le teipeanna socraíochta a fhoilsiú de réir an chineáil ionstraime airgeadais, de réir na bpríomhchúiseanna le teipeanna socraíochta, agus de réir na mbeart atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt orthu.

(18) Mar gheall ar na coigeartuithe struchtúracha agus eagraíochtúla a éilítear leis an aistriú chuig timthriall socraíochta is giorra, tá gá le cur chuige difreáilte maidir le dátaí chur i bhfeidhm fhorálacha éagsúla an Rialacháin Tharmligthe seo. Níos tábhachtaí fós, ba cheart an dáta cur i bhfeidhm a chur siar i gcás forálacha ina bhfuil ceanglais a bhaineann le forbairtí TF, lena n-áirítear feidhmiúlachtaí TLUnna atá dírithe ar an éifeachtúlacht socraíochta a fheabhsú. An tráth céanna, i gcás forálacha lena dtugtar isteach tréimhsí ama is giorra le haghaidh próisis réamhshocraíochta a thacaíonn leis an aistriú chuig timthriall socraíochta T+1, is forálacha iad ar cheart feidhm a bheith acu ag céim is luaithe ionas go mbeidh am leordhóthanach ag rannpháirtithe sa mhargadh tástáil a dhéanamh i bhfad roimh an aistriú chuig T+1.

(19) Leasuithe eile, agus go sonrach na leasuithe sin a bhaineann le tuairisciú agus nochtadh sonraí maidir le teipeanna socraíochta ag TLUnna, ba cheart feidhm a bheith acu roinnt míonna roimh an aistriú go T+1 a leagtar síos in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014. Ós rud é go bhfuil ÚEUM le tuairisciú maidir leis an éifeachtúlacht socraíochta arna iarraidh sin don Choimisiún, tá faisnéis leormhaith faoi theipeanna socraíochta roimh an aistriú chuig T+1 agus ina dhiaidh criticiúil. Sa chomhthéacs sin, ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do TLUnna agus do rannpháirtithe sa mhargadh chun é a chur ar a gcumas dóibh sonraí a thuairisciú i gcomhréir leis na paraiméadair bhreise a leagtar síos in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo, agus foráil á déanamh san am céanna maidir le tréimhse bhreathnóireachta atá fada go leor chun measúnú fóinteach a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ar an éifeachtúlacht socraíochta, roimh an aistriú chuig socraíocht is giorra agus ina dhiaidh.

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(21) Is ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir ÚEUM faoi bhráid an Choimisiúin atá an Rialachán seo bunaithe.

(22) Reáchtáil ÚEUM comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann mar chuid den pháipéar comhairliúcháin agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Thairis sin, agus moltaí ÚEUM á bhforbairt aige, chuaigh sé i dteagmháil le Coiste um Bonneagar Margaidh agus Íocaíochtaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010,

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(1) i bpointe (a), cuirtear pointe (vi) seo a leanas leis:

‘(vi) idirbhearta ‘ceannach agus aisdíol’ nó idirbhearta ‘díol agus aischeannach’;’;

(2) scriostar pointí (i) go (k);

(3) cuirtear isteach pointí (m) go (p) seo a leanas:

‘(m) méid socraíochta an airgid thirim atá le soláthar nó le fáil;

(n) aitheantóir an rannpháirtí a sholáthraíonn na hionstraimí airgeadais nó an t-airgead tirim;

(o) aitheantóir an rannpháirtí a fhaigheann na hionstraimí airgeadais nó an t-airgead tirim;

(p) áit na socraíochta (‘PSET’).’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír agus an cheathrú mír:

‘Seolfaidh cliaint ghairmiúla a leithdháiltí i scríbhinn trí úsáid a bhaint as modh cumarsáide caighdeánaithe leictreonach atá struchtúrtha sa chaoi gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca.

Gnólachtaí infheistíochta a bhfuil deimhniú faighte acu maidir le forghníomhú ordaithe idirbhirt arna dhéanamh ag cliant gairmiúil, áiritheoidh siad, trí shocruithe conarthacha, go ndeimhneoidh an cliant gairmiúil i scríbhinn go nglacann sé le téarmaí an idirbhirt, trí úsáid a bhaint as modh cumarsáide caighdeánaithe leictreonach atá struchtúrtha sa chaoi gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach, a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca laistigh de na tréimhsí ama a leagtar amach i mír 2. Féadfar an deimhniú i scríbhinn sin a chuimsiú sa leithdháileadh i scríbhinn freisin.

Modhanna cumarsáide nach bhfuil struchtúrtha agus, ar an gcaoi sin, a chuireann cosc ar fheidhmchláir bogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach araon a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca, ní cheadófar na modhanna sin ach amháin i gcásanna neamh-infhaighteachta teicniúla sealadaí nó cur isteach ar sheirbhís, ar choinníoll go ndéanfar na himthosca sin a dhoiciméadú agus a réiteach go cuí gan moill mhíchuí.

Ceanglóidh gnólachtaí infheistíochta ar a gcliaint ghairmiúla an leithdháileadh i scríbhinn agus an deimhniú i scríbhinn a sheoladh trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta agus na caighdeáin cumarsáide oscailte idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (34), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.

Ceanglóidh gnólachtaí infheistíochta ar a gcliaint ghairmiúla na leibhéil lamháltais airgid thirim arna mbunú ag an TLU ábhartha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán seo agus méid iomlán an airgid thirim atá le soláthar nó le fáil ina leithdháiltí i scríbhinn á thuairisciú acu.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Áiritheoidh cliaint ghairmiúla go bhfaighidh an gnólacht infheistíochta na leithdháiltí i scríbhinn agus na deimhnithe i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 23:00 CET ar an lá gnó a rinneadh an t-idirbheart.

Deimhneoidh gnólachtaí infheistíochta go bhfuair siad an leithdháileadh i scríbhinn agus an deimhniú i scríbhinn laistigh de 2 uair an chloig ón uair a fuair siad leithdháileadh agus an deimhniú sin. Na gnólachtaí infheistíochta a gheobhaidh an leithdháileadh i scríbhinn agus an deimhniú i scríbhinn laistigh de 1 uair an chloig roimh am scoir gnó, deimhneoidh siad go bhfuair siad an leithdháileadh i scríbhinn agus an deimhniú i scríbhinn laistigh de 1 uair an chloig tar éis thús am gnó ar an gcéad lá gnó eile.

3. Ceanglóidh gnólachtaí infheistíochta ar a gcliaint ghairmiúla na sonraí tagartha uile is gá a sholáthar chun trádáil a shocrú i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach, agus a bheidh struchtúrtha sa chaoi gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach a shainaithint, a aithint agus asbhaint go héasca. Ceanglóidh gnólachtaí infheistíochta ar a gcliaint ghairmiúla freisin na sonraí tagartha sin a choimeád cothrom le dáta in am trátha roimh ré chun socrú tráthúil idirbheart a áirithiú. Gnólachtaí infheistíochta a fhaigheann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 roimh an tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh siad a chomhaontú i scríbhinn lena gcliaint ghairmiúla nach seolfar na leithdháiltí i scríbhinn agus na deimhnithe i scríbhinn lena mbaineann.';

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Bearta a bhaineann le cliaint mhiondíola

Ceanglóidh gnólachtaí infheistíochta ar a gcliaint mhiondíola an fhaisnéis socraíochta ábhartha uile le haghaidh na n-idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a sheoladh chucu a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 23:00 CET ar an lá gnó ar rinneadh an t-idirbheart, mura rud é go sealbhaíonn an cliant sin na hionstraimí airgeadais ábhartha agus an t-airgead tirim ábhartha sa ghnólacht infheistíochta céanna.';

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I dteannta na réimsí dá dtagraítear i mír 3, ceanglóidh taisclanna lárnacha urrús ar a rannpháirtithe na réimsí seo a leanas a úsáid ina dtreoracha socraíochta:

(a) réimse lena léirítear an cineál idirbhirt bunaithe ar an tacsanomaíocht seo a leanas:

(i) ceannach nó díol urrús;

(ii) oibríochtaí bainistíochta comhthaobhachtaí;

(iii) oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe;

(iv) idirbhearta athcheannaigh;

(v) idirbhearta 'ceannach agus aisdíol' nó idirbhearta 'díol agus aischeannach';

(vi) idirbhearta eile (ar féidir iad a shainaithint le cóid ISO níos mionsonraithe arna soláthar ag an TLU);

(b) réimse lena léirítear an áit trádála a líonfar le Cód Aitheantais Margaidh ('MIC') an ionaid trádála inar forghníomhaíodh an t-idirbheart foluiteach.

Chun críocha phointe (b), i gcás nach bhfuil feidhm ag MIC, úsáidfidh rannpháirtithe cóid eile bunaithe ar na nósanna imeachta agus caighdeáin cumarsáide oscailte idirnáisiúnta le haghaidh sonraí teachtaireachtaí agus tagartha dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (34), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 chun sonraí a chur sa réimse ar leith.';

(b) cuirtear mír 5 seo a leanas isteach:

'5. Ceanglóidh taisclanna lárnacha urrús ar rannpháirtithe treoracha socraíochta a sheoladh a luaithe is féidir agus, i gcás inarb indéanta, faoi 23:59 CET ar an lá gnó a dhéantar an t-idirbheart.';

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) sásra scaoilte lenar féidir treoracha socraíochta ar feitheamh a scaoileadh ina n-iomláine nó i bpáirt chun críche socraíochta, ar treoracha iad atá blocáilte ag an rannpháirtí treorach.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'*Airteagal 10*

Socraíocht pháirteach uathoibríoch

Beidh feidhmiúlacht ag taisclanna lárnacha urrús lenar féidir socraíocht pháirteach a dhéanamh go huathoibríoch ar idirbheart bunaithe ar infhaighteacht urrús i gcuntas an tsoláthraí, gan gá a bheith ann le hidirghabháil de láimh. Beidh treoracha socraíochta comhoiriúnaithe incháilithe do shocraíocht pháirteach uathoibríoch den sórt sin, ach amháin má roghnaíonn ceann de na rannpháirtithe gan bheith páirteach i socraíocht pháirteach.';

(6) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Tairgfidh TLUnna do rannpháirtithe ollsocraíocht fíor-ama nó trí bhaisc shocraíochta ar a laghad in aghaidh an lae gnó, nó meascán den dá rud. Scaipfear na baisceanna socraíochta ar feadh an lae gnó i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh, agus sin bunaithe ar an iarraidh ó choiste úsáideoirí an TLU.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

Feidhmiúlacht uathoibrithe chomhthaobhachta

Déanfaidh TLUnna éascaíocht don rochtain atá ag a rannpháirtithe ar chreidmheas airgid ionlae arna urrú le comhthaobhacht trí fheidhmiúlacht uathoibrithe chomhthaobhachta. Féadfaidh TLUnna a bhfuil ceadúnas baincéireachta acu creidmheas ionlae a sholáthar go díreach iad féin trí fheidhmiúlacht uathoibrithe chomhthaobhachta.';

(8) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an chúis atá leis an teip socraíochta, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil go díreach don TLU, nó bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir a rannpháirtithe in iúl dó;';

(ii) i bpointe (d), cuirtear pointe (vi) seo a leanas leis:

'(vi) idirbhearta 'ceannach agus aisdíol' nó idirbhearta 'díol agus aischeannach';';

(b) cuirtear mír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Ceanglóidh TLUnna ar na rannpháirtithe dá dtagraítear i réimsí 17 agus 18 de Thábla 1 in Iarscríbhinn I na príomhchúiseanna le teipeanna socraíochta agus na bearta chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna socraíochta den sórt sin a thuairisciú dóibh ar bhonn míosúil.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Bunóidh TLUnna socruithe oibre leis na rannpháirtithe dá dtagraítear i réimsí 17 agus 18 de Thábla 1 in Iarscríbhinn I a bhfuil an tionchar is mó acu ar a gcórais socraíochta urrús agus, i gcás inarb infheidhme, le CPLanna agus ionaid trádála ábhartha chun anailís a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt, a mhéid is féidir, ar na príomhchúiseanna leis na teipeanna socraíochta.';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

Teipeanna socraíochta a thuairisciú

1. Cuirfidh taisclanna lárnacha urrús an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I in iúl don údarás inniúil agus do na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear na bearta atá beartaithe nó déanta ag na taisclanna lárnacha urrús sin agus a rannpháirtithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht socraíochta na gcóras socraíochta urrús a oibríonn siad. Cuirfidh siad an fhaisnéis sin in iúl ar bhonn míosúil agus faoi am scoir gnó ar an gcúigiú lá gnó den mhí dár gcionn.

Cuimseofar san fhaisnéis sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír na luachanna ábhartha in EUR. Déanfar aon chomhshó luacha go EUR trí úsáid a bhaint as ráta malairte oifigiúil BCE an lá deireanach den tréimhse thuairiscithe, i gcás ina mbeidh an ráta malairte sin ar fáil.

Tuairisceoidh TLUnna níos minice agus cuirfidh siad faisnéis bhreise ar fáil maidir le teipeanna socraíochta i gcás ina n-iarrfaidh an t-údarás inniúil í.

2. Déanfaidh TLUnna faireachán rialta ar chur i bhfeidhm na mbeart a bheartaigh nó a rinne siad féin agus a rannpháirtithe chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht socraíochta na gcóras socraíochta urrús a oibríonn siad agus cuirfidh siad aon toradh ábhartha a thiocfaidh as an bhfaireachán sin ar fáil don údarás inniúil agus do na húdaráis ábhartha, arna iarraidh sin dóibh.

3. Soláthróidh TLUnna an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach, a bheidh struchtúrtha sa chaoi gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach, a shainaithint, a aithint agus asbhaint go héasca.

4. Ríomhfar luach na dtreoracha socraíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus III mar a leanas:

(a) i gcás treoracha socraíochta in aghaidh íocaíochta, méid socraíochta na gné airgid;

(b) i gcás treoracha socraíochta FoP, margadhluach na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 32(3) nó, i gcás nach mbeidh sin ar fáil, luach ainmniúil na n-ionstraimí airgeadais.';

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

'*Airteagal 23*

Socraíocht pháirteach a chur i bhfeidhm

1. I gcás ina mbeidh cuid de na hionstraimí airgeadais ábhartha ar fáil lena soláthar don rannpháirtí is faighteoir ar an lá gnó deireanach den tréimhse shínidh dá dtagraítear in Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, déanfaidh na comhaltaí imréitigh is faighteoir agus na comhaltaí imréitigh a bhfuil ag teip orthu, na comhaltaí ionaid trádála nó na páirtithe trádála, de réir mar is infheidhme, an treoir socraíochta tosaigh a shocrú go páirteach.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina gcuirtear an treoir shocraíochta ábhartha ar feitheamh i gcomhréir le hAirteagal 8.';

(11) Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(12) Scriostar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229;

(13) Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 7 Nollaig 2026. Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3)(a) a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Airteagal 5(4), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229, (8)(a)(i), (8)(b), (8)(c), (9), (11), (12) agus (13) ón 1 Iúil 2027. Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (3)(b), (4), (5), (6), (7) agus pointe (10) ón 11 Deireadh Fómhair 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) i dTábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna 17, 18 agus 41:

‘17.	Na 10 rannpháirtí is mó a bhfuil na rátaí is airde teipeanna socraíochta acu le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil (bunaithe ar an líon treoracha socraíochta), rangaítear iad bunaithe ar chion na dteipeanna socraíochta a chruthaigh gach rannpháirtí, i gcomparáid leis an líon foriomlán treoracha socraíochta ar leibhéal an chórais socraíochta urrús.	Le haghaidh gach rannpháirtí arna shainaithint ag LEI:	
		LEI an Rannpháirtí	ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), cód 20 carachtar alfa-uimhriúil
		An líon iomlán treoracha socraíochta ar leibhéal an chórais socraíochta urrús le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil	Suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha
		An líon teipeanna socraíochta in aghaidh an rannpháirtí	Suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear mar shlánuimhreacha gan deachúlacha
		Céatadán na dteipeanna socraíochta	Luach céatadáin suas le 2 ionad dheachúlacha
		Luach iomlán (EUR) na dtreoracha socraíochta in aghaidh an rannpháirtí	Suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha. Cuirfear isteach carachtar amháin ar a laghad roimh an pointe deachúil agus carachtar amháin ar a laghad ina dhiaidh. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil
		Luach (EUR) na dteipeanna socraíochta in aghaidh an rannpháirtí	Suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha. Cuirfear isteach carachtar amháin ar a laghad roimh an pointe deachúil agus carachtar amháin ar a laghad ina dhiaidh. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil
		Ráta na dteipeanna socraíochta	Luach céatadáin suas le 2 ionad dheachúlacha.
18.	Na 10 rannpháirtí is mó a bhfuil na rátaí is airde teipeanna socraíochta acu le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil (bunaithe ar luach (EUR) na dtreoracha socraíochta), rangaítear iad bunaithe ar chion na dteipeanna socraíochta a chruthaigh gach rannpháirtí, i gcomparáid le luach foriomlán na dtreoracha socraíochta ar leibhéal an chórais socraíochta urrús	Le haghaidh gach rannpháirtí arna shainaithint ag LEI	
		LEI an Rannpháirtí	ISO 17442 Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), cód 20 carachtar alfa-uimhriúil
		Luach iomlán (EUR) na dtreoracha socraíochta ar leibhéal an chórais socraíochta urrús le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil	Suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha. Cuirfear isteach carachtar amháin ar a laghad roimh an pointe deachúil agus carachtar amháin ar a laghad ina dhiaidh. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil

		Luach (EUR) na dteipeanna socraíochta in aghaidh an rannpháirtí	Suas le 20 carachtar uimhriúil lena n-áirítear deachúlacha. Cuirfear isteach carachtar amháin ar a laghad roimh an pointe deachúil agus carachtar amháin ar a laghad ina dhiaidh. Ní áirítear an pointe deachúlach mar charachtar uimhriúil
		Céatadán na dteipeanna socraíochta	Luach céatadáin suas le 2 ionad dheachúlacha
		An líon iomlán treoracha socraíochta in aghaidh an rannpháirtí	Suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear ina slánuimhreacha gan deachúlacha.
		An líon teipeanna socraíochta in aghaidh an rannpháirtí	Suas le 20 carachtar uimhriúil a thuairiscítear ina slánuimhreacha gan deachúlacha.
		Ráta na dteipeanna socraíochta	Luach céatadáin suas le 2 ionad dheachúlacha.
41	Meánfhad na dteipeanna socraíochta de réir líon na laethanta (an difríocht idir an dáta socraíochta iarbhír agus an dáta socraíochta atá beartaithe, arna hualú le haghaidh luach na teipe socraíochta) de réir chineál na n-ionstraimí airgeadais agus de réir an mheánfhaid ar an iomlán	An líon laethanta a thuairiscítear mar uimhir ag a bhfuil deachúil amháin.’	

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2:

'Tábla 2

